



An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator



Faisnéis Mhodheolaíochta

Praghsanna díola seachtainiúla maidir le Ceathrú Thosaigh
Mairteola, Ceathrú Dheiridh Mairteola agus Mionfheoil Mairteola

Márta 2025



Réamhrá

Bunaíodh An Rialálaí Agraibhia faoin [Acht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia 2023 \(Acht 2023\)](#) chun cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia.

Foilsíonn an Rialálaí praghsanna díola comhiomlána seachtainiúla le haghaidh Ceathrú Thosaigh Mairteola, Ceathrú Dheiridh Mairteola agus praghas díola le haghaidh Mionfheoil Mairteola (cion saille 5%) a dhíoltar i bpacáistí 500g.

Soláthraítear leis na luachanna sin, mar a thuairiscítear chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) faoi réir [I.R. Uimh. 449/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh \(Trédhearcacht sa Mhargadh\) 2021](#), bonnlíne chaighdeánaithe le haghaidh luachanna a chur i gcomparáid ar fud na mBallstát éagsúil.

Is féidir le soláthar na faisnéise sin trédhearcacht sa slabhra soláthair a fheabhsú trí mheastachán ar an luach a fhabhraítear ag an gcéim phróiseála a sholáthar.



Cúlra

Foráiltear le hAlt 12 d'Acht 2023 go bhféadfaidh an Rialálaí 'aon sonraí a bhfuil tionchar acu ar phraghas agus ar chorrlaigh a mheastar a bheith riachtanach a iarraidh ó ghnólachtaí laistigh de shlabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia'.

Chun an fheidhm sin a bhaint amach, bhuail an Rialálaí le hionadaithe ón RTBM chun an mhodheolaíocht a úsáidtear chun na ceanglais tuairiscithe faoi I.R. Uimh. 449/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trédhearcacht sa Mhargadh) 2021, an Ionstraim Reachtuil atá freagrach as na rialacháin seo a leanas a chur chun feidhme:

- *Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1310/2013 agus Rialachán (AE) 2017/2393)*
- *Rialachán (AE) 2017/1183 agus Rialachán (AE) 2017/1185 (arna leasú le Rialachán (AE) 2019/1746)*

Le linn na gcruinnithe sin, tháinig an Rialálaí ar thuiscint ar an rannpháirtíocht leathan a rinne RTBM le Meat Industry Ireland, rud a rinneadh i gcomhar le ceithre cinn de na próiseálaithe mairteola is mó (arb ionann iad agus níos mó ná 80% den mharú mairteola náisiúnta) chun an próiseas tuairiscithe a shainiú agus a chomhaontú ar phraghsanna maidir le Ceathrú Thosaigh Mairteola, Ceathrú Dheiridh Mairteola agus Mionfheoil Mairteola (cion saille 5%) mar a cheanglaítear faoi I.R. Uimh. 449/2021.

Bhuail an Rialálaí le hionadaithe ó ABP, Dawn Meats, Kepak agus Liffey Meats i mí Lúnasa agus mí Mheán Fómhair 2024 agus tháinig siad ar chomhaontú go roinnfí na praghsanna seachtainiúla leis an Rialálaí maidir le Ceathrú Thosaigh Mairteola, Ceathrú Dheiridh Mairteola agus Mionfheoil Mairteola (cion saille 5%) mar a soláthraítear chuig RTBM faoi I.R. Uimh. 449/2021.



Modheolaíocht RTBM

Ba í an mhodheolaíocht a comhaontaíodh idir RTBM agus na próiseálaithe mairteola ná meastachán a dhéanamh ar an luach réadaithe a d'fhabhraigh do phróiseálaithe ó dhíol a n-aschuir.

Úsáidtear sa mhodh, meán na sonraí táirgeachta le haghaidh gach bó-ainmhí, arna ngabháil ag gach próiseálaí ón mbliain roimhe sin, chun luach na gearrthacha a tháirgeadh ón gconabhlach a ualú. Ansin déanann gach próiseálaí na luachanna ualaithe sin a athdhéanamh ina gcodanna ceathrún tosaigh agus ceathrún deiridh, mar atá sainmhínithe ag teicníc ghearrtha chaighdeánaithe, chun luachanna ilchodacha a tháirgeadh do gach cuid.

Maidir le ceathrúna mairteola, shonraigh an Coimisiún Eorpach go bhféadfaí ceachtar den dá phraghas a thuairisciú ag brath ar chás an Bhallstáit mar seo a leanas:

1. Praghas na ceathrún a dhíoltar ina hiomláine
2. Praghas na ceathrún athdhéanta ó phraghsanna na ngearrthacha.

I gcás na hÉireann, tá an modh athdhéanta níos ionadaí.

Is é an teicníc ghearrtha chaighdeánaithe a úsáidtear sa phróiseas sin ná an 'Gearradh Pistola Iodálach'.

Chomh maith le luach Ceathrún Tosaigh Mairteola agus Ceathrún Deiridh Mairteola a tháirgeadh, déantar luach ar an bpraghas díola Mionfheola Mairteola (cion saille 5%) a dhíoltar i bpacáistí 500g a tháirgeadh freisin.

Cuirtear ualú bunaithe ar mharú mairteola náisiúnta na bliana roimhe sin i bhfeidhm ar na luachanna a cuireadh isteach chun meánluach ualaithe aonair a chruthú do gach ceann de na trí phraghas thuairiscithe. Ansin tuairiscítear na meánluachanna ualaithe seachtainiúla sin chuig an Aontas Eorpach.



Roghnaíodh an modh sin chun ceanglas Rialachán an AE a shásamh d'fhonn an luach a fhabhraíonn do phróiseálaithe a bhfuil boinn éagsúla chustaiméirí agus éilimh dheiridh acu a réadú.

Gearradh Pistola Iodálach

Tá an struchtúr tuairiscithe praghsanna mar a chomhaontaigh RTBM agus na próiseálaithe bunaithe ar Ghearradh Pistola Iodálach. Is é príomhghné an ghearrtha sin ná go n-uasmhéadaítear leis táirgeacht agus luach trí mhatáin a bhfuil ardluach orthu a scaradh agus béim a chur ar ghearrthacha den scoth.



Modheolaíocht an Rialálaí Agraibhia

Gheobhaidh an Rialtóir praghas díola ualaithe náisiúnta maraithe mairteola go seachtainiúil le haghaidh Ceathrú Thosaigh Mairteola, Ceathrú Dheiridh Mairteola agus Feoil Mhionaithe Mairteola (cion saille 5%) a dhíoltar i bpacáistí 500g.

Déanfaidh an Rialtóir athruithe ar phraghsanna seachtainiúla agus míosúla a ríomh agus a fhoilsiú.

Léiríonn na luachanna a chuirtear ar fáil praghsanna díola agus ní thugtar cuntas ar aon chostais. Ní gnách go ndíoltar mairteoil mar Cheathrú Thosaigh agus mar Cheathrú Dheiridh in Éirinn.

Ba cheart teorainneacha an phróisis sin a chur san áireamh agus na luachanna sin á léirmhíniú.

*Tá an fhaisnéis phraghsála sheachtainiúil a d'fhoilsigh an Rialtóir ón 2 Márta 2025 ar aghaidh ag baint úsáid as an bhfaisnéis náisiúnta praghsála mairteola ualaithe maraithe anois. Roinntear na praghsanna seo faoi chomhaontú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ABP, Dawn Meats, Kepak agus Liffey Meats.

Tá luachanna ríofa RTBM curtha in ionad na faisnéise praghsála do na seachtainí go léir roimhe seo.



An Rialálaí Agraibhia Agri-Food Regulator

 +353 (0)1 601 9900
 Campas Bhacastúin
Cill Droichid, Co Chill Dara
Éireann, W23 X3PH.
 info@agrifoodregulator.ie
 www.agrifoodregulator.ie

 [agrifoodreg](https://twitter.com/agrifoodreg)
 [agrifoodregulator](https://facebook.com/agrifoodregulator)
 [agrifoodregulator](https://instagram.com/agrifoodregulator)
 [agrifoodregulator](https://youtube.com/agrifoodregulator)
 [agri-food-regulator](https://linkedin.com/company/agri-food-regulator)
 agrifoodregulator.ie